Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# *Lonnaithe* i nGaillimh, Ag freastal ar an *Domhan Mór*

Plean Straitéiseach 2025-2030



Ollscoil *na*Gaillimhe.ie



# Ón áit *uathúil* seo, tá *tionchar domhanda* againn.



# Innéacs


**Focal ón Uachtarán Eatramhach** **4**
**Fíricí & Figiúirí** **6**
**Ollscoil na Gaillimhe:** **7**
Gaillimh Chruthaitheach **8**
Gaillimh Nuálaíoch **10**
Gaillimh Inbhuanaithe **11**
Gaillimh Dhátheangach **12**
Gaillimh Idirnáisiúnta **13**
Ár Réigiún Fuinniúil **14**
**Misean & Fís** **16**
**Ár Luachanna** **17**
**Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025-2030:** **18**
Tionchar Taighde Sainiúil **19**
- Na Colúin Taighde **20**
Oideachas don Todhchaí **23**
- Céimithe na Gaillimhe **25**
Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe atá ina hAcmhainn don Phobal **27**
**Bunchlocha** **28**
**Tionscnaimh Thosaíochta** **33**
**Cén chaoi a bhfuil ag éirí linn?** **34**
**Cur i bhfeidhm na Straitéise** **36**



Ag obair le comhpháirtithe sa chathair, sa réigiún agus ar fud an domhain, tá sé de rogha ag pobal na hollscoile na dúshláin seo a shárú le muinín, ag cur leis an stair fhada éachtach atá ag baint linn agus a bhfuilimid bródúil aisti. Ón áit uathúil seo, táimid ag iarraidh tionchar láidir agus dearfach a imirt ar an domhan.



# Focal ón *Uachtarán Eatramhach*

**Is tréimhse thar a bheith spreagúil í seo don Ollscoil.**

Táimid ag ceiliúradh 180 bliain de scoláireacht, taighde agus oideachas ollscoile i nGaillimh agus tá an saol athraithe ó bhonn. Leis an oiread sin éiginnteachta agus castachta ar fud an domhain, agus ag an am céanna an oiread sin smaointe agus teicneolaíochtaí nua agus nuálacha ag teacht chun cinn, tá réimse leathan deiseanna agus dúshlán le sárú againn. Ag obair le comhpháirtithe sa chathair, sa réigiún agus ar fud an domhain, tá sé de rogha ag pobal na hollscoile na dúshláin seo a shárú le muinín, ag cur leis an stair fhada éachtach atá ag baint linn agus a bhfuilimid bródúil aisti. Ón áit uathúil seo, táimid ag iarraidh tionchar láidir agus dearfach a imirt ar an domhan.

***Lonnaithe* i nGaillimh, ag freastal ar an *Domhan Mór***

Cuireadh an plean straitéiseach nua le chéile i ndiaidh 18 mí de chomhairliúchán le pobal na hollscoile, le comhpháirtithe seachtracha sa chathair agus sa réigiún, agus fuarthas ionchur ó shaineolaithe agus ó lucht tacaíochta as gach cearn den domhan. In ainneoin éagsúlacht na n-ionchur, bhí an teachtaireacht mar a chéile:

- Bheith soiléir ó thaobh cuspóra de agus ó thaobh príomhghníomhaíochtaí
- Ár sainiúlacht a chur in iúl
- Ár dtionchar domhanda a léiriú
- Infheistiú san eagraíocht chun ollscoil éifeachtach a chruthú le bheith ag obair inti agus le bheith ag obair léi.

Bhí an t-aiseolas sin thar a bheith luachmhar. Agus sna leathanaigh seo a leanas, táimid tar éis gníomhú dá réir.

Díríonn ár straitéis nua ar ár bpríomh-mhisean mar ollscoil tallann a chothú agus eolas a chruthú don domhan. Léiríonn sé ár sprioc tionchar ar leith a imirt trí thaighde agus trí nuálaíocht. Taispeánann sé seo an mian atá againn cur leis an oideachas don todhchaí, ó thaobh barr feabhais de agus ó thaobh teagaisc agus foghlama de agus ó thaobh chaighdeán thaithí na mac léinn. Agus tugann sé orainn infheistiú san eagraíocht agus san infreastruchtúr chun áit níos éifeachtaí, níos inbhuanaithe agus níos cumhachtaí a dhéanamh aisti dár bpobal.

Tá na spriocanna sin curtha in iúl againn go soiléir agus go gonta. Cuirimid fáilte chroíúil anois roimh rannpháirtíocht phobal na hollscoile, agus tugaimid cuireadh don phobal freagairt ar bhealach atá spreagúil agus a mbeidh feidhm leis. Agus iarraimid ar chomhpháirtithe a bhfuil an fhís chéanna acu teacht i dteagmháil linn agus a bheith linn ar ár dturas.

Ag cur lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, úsáideadh an deis seo chun labhairt leis an bhfoireann, le mic léinn agus lenár gcomhpháirtithe chun a fháil amach cén fáth a seasann an ollscoil seo amach, i dtéarmaí:

- Áit ar leith
- Na Colúin Taighde
- Céimithe na Gaillimhe

Tá tionchar ag ár dtaithí chomhroinnte ar an obair agus an staidéar in Ollscoil na Gaillimhe, agus ag dearcthaí seachtracha ar ár gcáil. Bainfimid leas as an gcreat seo chun treoir a thabhairt dúinn inár bpleanáil straitéiseach agus chun ár sainiúlacht a chur in iúl don domhan.

Chun muinín a thabhairt dár bpobal agus dár gcomhpháirtithe gur éisteamar lena n-aiseolas, tá sé sonraithe againn freisin na háiteanna a bhfuil sé i gceist againn infheistiú inár n-eagraíocht, inár dTionscnaimh Thosaíochta agus na háiteanna ina léireoimid tionchar ár ngníomhartha inár mBearta Rathúlachta.

In eagraíocht chomh mór agus chomh casta sin, tá na Bunchlocha sin a thacaíonn le barr feabhais inár ngníomhartha aitheanta againn. Mar threoir dúinn inár ngníomhartha, agus ag leagan síos caighdeáin iompraíochta don ollscoil, do na daoine agus dár gcomhpháirtithe, tá cúig Chroíluach leagtha síos againn atá bunaithe ar aiseolas ó mhic léinn agus ón bhfoireann: Barr Feabhais, Meas, Oscailteacht, Inbhuanaitheacht agus Muintearas.

Táimid ar bís toradh ár gcuid oibre go léir a roinnt libh.

Tugaim cuireadh daoibh anois a bheith ar bord linn agus sinn ag cur tús le haistear uaillmhianach le chéile anois.

**An tOllamh Peter McHugh**
Uachtarán Eatramhach, Ollscoil na Gaillimhe



## POBAL NA HOLLSCOILE

**19,700+**
mac léinn

**2,500**
comhalta foirne

**135,000+**
alumnus ar fud an domhain

**19%**
de mhic léinn idirnáisiúnta

as
**120**
tír

Bacainní ar ardoideachas á mbaint againn le 25 bliain anuas tríd an **Ionad Rochtana**

**12**
Ghradam Scoile Athena Swan

## TIONCHAR

**€110 million +**
i nDámhachtainí Taighde ón AE ó 2020 i leith

**21**
seach-chuideachta nua ó 2020 i leith

**199**
fionnachtain nua ó 2020 i leith

Comhoibriú taighde le breis is
**5,300**
institiúid

**€87 million**
caite ar ghníomhaíochtaí taighde in 2024

i
**181**
tír

## AN PLÁINÉAD

Sa **chéad áit** in Éirinn, sa
**12ú**
háit san Eoraip maidir lenár dtionchar ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

SDG AMBASSADOR

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Deimhniú mar Shaotharlann Ghlas faighte ag
**50+**
saotharlann

Laghdú
**50%**
ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ó 2017 i leith

# Ollscoil *na* Gaillimhe

**Is cuid den chathair agus den réigiún máguaird an Ollscoil seo agus tá a shliocht sin uirthi. Is iad na daoine atá ina gcónaí, ag obair agus i mbun cruthaitheachta inti a choimeádann ag imeacht í. Is as sin a thagann aidhm shoiléir na hOllscoile.**

Sna blianta atá le teacht, bainfimid leas as buanna an phobail agus na háite, ag cur taighde agus oideachais ar fáil a rachaidh i gcion ar phobal idirnáisiúnta. Sin é an ról uathúil atá againn mar ollscoil diantaighde a bhfuil naisc againn ar fud an domhain. Táimid suite i gcroílár na cathrach, cathair bheo bhríomhar ar an gcósta, cathair dhátheangach nach bhfuil a sárú le fáil, saibhrithe ag an timpeallacht nádúrtha, ag earnáil chruthaitheach ealaíne a bhfuil a cáil scaipthe fud fad na cruinne agus ag tionscail nuálaíocha.

Ollscoil a bhfuil Gaillimh go smior inti. Agus ón áit uathúil seo, tá tionchar i bhfad is i ngearr againn.









# Gaillimh *Chruthaitheach*

**Tá cáil ar Ghaillimh ar fud an domhain mar lárionad cultúir agus cruthaitheachta. Saibhrithe ag an nGaeilge, ag oidhreacht agus ag traidisiúin na hÉireann, tá naisc ag earnáil ealaíon na Gaillimhe ar fud an domhain mhóir, de bharr cleachtas cruthaitheach comhaimseartha agus teicneolaíochtaí nuálacha.**

Tá an Ollscoil i gcroílár an aicsin seo. Cuirtear barr feabhais agus nuálaíocht chun cinn ní hamháin trí thaighde agus cláir sna healaíona cruthaitheacha ach trí chruthaitheacht sna curaclaim chomh maith. Ag obair le heagraíochtaí agus le féilte ealaíon na Gaillimhe – ar eascair cuid mhór díobh as pobal na hollscoile – fáiltímid roimh na mílte cuairteoirí chuig imeachtaí ealaíon ar an gcampas gach bliain, agus táimid ag caomhnú saothair thábhachtacha do na glúnta atá le teacht trí cheann de na cartlanna is fairsinge de chultúr na hÉireann ar domhan a bhainistiú. De bharr ár gcomhpháirtíochtaí le fada an lá le Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe agus le hAmharclann an Druid tá comhoibriú láidir againn ó thaobh taighde agus rannpháirtíocht na mac léinn de sna healaíona cruthaitheacha. Is ceannaire domhanda í an Ollscoil ag iniúchadh na nasc idir an chruthaitheacht, an teagasc, an taighde agus an domhan mór.

Tá cuid de na heagraíochtaí ealaíon is mó le rá i nGaillimh lonnaithe ar ár gcampas, lena n-áirítear Macnas, an compántas amharclannaíochta a bhfuil cáil idirnáisiúnta air.



# Gaillimh *Nuálaíoch*

**Cathair nuálaíochta í Gaillimh ina n-úsáidtear taighde, sonraí agus teicneolaíocht le dul i bhfeidhm ar earnáil na sláinte, na hinbhuanaitheachta agus na cruthaitheachta. Tá an fhiontraíocht idirnáisiúnta agus dhúchasach sa teicneolaíocht, agus i mbogearraí, cibearshlandáil agus cluichíocht beo beathach i nGaillimh.**

Mar cheann de shé mhol dhomhanda do theicneolaíochtaí leighis, tá Gaillimh chun tosaigh ó thaobh na nuálaíochta sláinte de. Tá naoi gcinn de na deich gcuideachta teicneolaíochta leighis is fearr ar domhan anseo agus tá traidisiún láidir againn maidir le fiontair dhúchasacha nuálaíochta sláinte a fhorbairt agus a mhéadú. Tá mórchomhpháirtíocht nuálaíochta na hOllscoile le Medtronic ag cur cúram sláinte chun cinn trí thaighde comhoibríoch agus trí fhorbairt a dhéanamh ar chláir STEM.

Tá an ollscoil fite fuaite in éiceachóras nuálaíochta na Gaillimhe, agus tá sí ag obair i gcomhpháirt leis an bpobal taighde, le comhghleacaithe cliniciúla, le heolaithe sonraí, agus le comhpháirtithe tionscail, idir idirnáisiúnta agus náisiúnta. Ó 2020, tá 21 seach-chuideachta nua bunaithe san Ollscoil agus tá 199 fionnachtain nua aimsithe rud a chothóidh an sruth nuálaíochta. Chuidigh na hIonaid Nuálaíochta ar an gcampas le bunú breis is 100 gnólacht nuathionscanta a bhfuil €796m saothraithe acu idir dheontais agus infheistíochtaí – agus a bhfuil 3,365 post cruthaithe acu.



Glacann na mic léinn Domhaneolaíochta agus Aigéaneolaíochta páirt i dturais allamuigh chuig cóstaí, sléibhte agus aibhneacha ar fud an réigiúin, lena n-áirítear an suíomh seo ag Trá na gCeann ar imeall na cathrach.



Cuireann ár saoráid ionsamhlaithe chliniciúil ar chumas mic léinn leighis agus altranais freagairt do riachtanais othar agus iad tumtha i suíomh réaltachta fíorúla.





Oibríonn ár dtaighdeoirí le pobail na n-oileán amach ó chósta an iarthair chun teicneolaíochtaí nua fuinnimh inbhuanaithe a thástáil, Oileáin Árann ina measc, áit a bhfuilimid ag fiosrú hidrigin ghlas mar fhoinse breosla iompair.

# Gaillimh *Inbhuanaithe*

**Tá éagsúlacht iontach de thírdhreacha agus muirdhreacha ar leac an dorais againn, lena n-áirítear córais fhairsinge lochanna agus aibhneacha, éiceachórais tailte portaigh agus boirne, agus an tAigéan Atlantach atá lán le beathra muirí. Is suíomhanna sainiúla an meascán de phobail uirbeacha, scaipthe tuaithe, chósta agus oileánda atá againn a chuireann ar ár gcumas taighde gníomhach a dhéanamh ar dhúshláin sa tsochaí.**


Is í an timpeallacht nádúrtha uathúil seo, agus na pobail sheiftiúla atá ina gcónaí anseo, ár saotharlann bheo le haghaidh teagaisc agus taighde a bhfuil tábhacht domhanda leo i réimsí a bhfuil tionchar acu ar ár bpláinéad comhroinnte, amhail éiceolaíocht agus eacnamaíocht na mara, athrú aeráide, úsáid talún agus bithéagsúlacht, fuinneamh in-athnuaite, pobail inbhuanaithe, an geilleagar glas agus nuálaíochtaí i dtionscal na tógála.

Tá Gaillimh i nGleann Hidrigine na hÉireann agus í ag cur nuálaíochta chun cinn i bhfuinneamh in-athnuaite agus i ndícharbónú. Is scothshuíomh idirnáisiúnta é ár stáisiún taighde atmaisféir i gCeann Mhása le haghaidh sonraí ar chaighdeán an aeir agus na haeráide, agus cuireann Ionad Ríomhaireachta Ardleibhéil na hÉireann (ICHEC), faire na cruinne agus samhaltú comhshaoil chun cinn.

Mar aitheantas ar an obair seo, táimid rangaithe sa chéad áit in Éirinn ag *Times Higher Education* agus i measc an 50 ollscoil is fearr ar fud an domhain maidir lenár dtionchar ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.



Le linn an tSeimeastair Ghaeltachta, bíonn mic léinn na Gaeilge tumtha san fhoghlaim, sa chultúr agus in imeachtaí pobail i nGaoth Dobhair agus i gConamara.



Cuireann na saotharlanna teanga ar chumas na mac léinn scileanna a fhorbairt san ateangaireacht chomhdhála i suíomh ionsamhlaithe mar a bheidís i láthair ag fíorchomhdháil. Cuirtear oiliúint ar ateangairí d'institiúidí an AE ar an gclár seo, an t-aon chlár dá shórt atá ar fáil trí Ghaeilge.

# Gaillimh *Dhátheangach*

**Is in Iarthar an Chontae atá an líon is airde cainteoirí Gaeilge ar domhan agus is í an chathair seo agus an ollscoil seo an t-aon chathair agus an t-aon ollscoil in Éirinn a bhfuil stádas dátheangach acu. Bua ar leith de chuid na háite seo an Ghaeilge, agus tá cáil i bhfad is i ngearr ar a traidisiún béil, a traidisiún ceoil agus ar a traidisiún liteartha.**

Tarraingíonn pobal na hollscoile inspioráid agus sainiúlacht ó na pobail Ghaeltachta ar a bhfreastalaímid in iarthar agus in iarthuaisceart na hÉireann. Táimid bródúil as an ról atá againn mar cheannródaithe maidir le hardoideachas agus taighde sa Ghaeilge, agus as ár gcartlanna fairsinge Gaeilge, a dhéanann saibhriú ar an eispéireas ollscoile a chuirimid ar fáil.

Tacaítear sna hionaid atá againn ar an gCeathrú Rua agus i gCarna i gCo. na Gaillimhe agus i nGaoth Dobhair i gCo. Dhún na nGall le forbairt acadúil, chultúrtha agus eacnamaíoch an dá cheantar Gaeltachta is mó sa tír. Leanfaimid ag cur leis na deiseanna atá ar fáil do thaighdeoirí agus d'fhoghlaimeoirí teagmháil dhíreach a bheith acu le pobail na Gaeltachta ar pobail ar leith iad.

# Gaillimh *Idirnáisiúnta*



**Is í Gaillimh an chathair is éagsúla in Éirinn. Rugadh breis is ceathrú de dhaonra na cathrach lasmuigh d'Éirinn agus, dá bhrí sin, is cathair ilteangach chruthaitheach í a bhfuil dearcadh oscailte domhanda aici. Mar cheann scríbe turasóireachta, oideachais agus gnó idirnáisiúnta, fáiltímid roimh chuairteoirí agus roimh dhaoine cumasacha ó cheann ceann na cruinne.**

Tá ról ar leith ag an ollscoil maidir le Gaillimh a nascadh leis an domhan mór. Tháinig timpeall 20% den fhoireann agus de na mic léinn anseo ó thar lear, rud a chuireann le saol an champais, na cathrach agus an réigiúin. Tá breis agus 135 céimí dár gcuid ar fud na cruinne, agus táimid bródúil as an tionchar a bhíonn ag an alumni ar an domhan trí chéile.

Tá tionchar domhanda ag ár dtaighde, ag cur le heolas, nuálaíocht agus polasaithe, go hidirnáisiúnta, agus tá comhoibriú ar bun ag ár bpobal acadúil le níos mó ná 5,000 institiúid i 178 tír.

Tagann na mílte toscairí go Gaillimh gach bliain le freastal ar chomhdhálacha, agus tugann ár gcláir staidéir thar lear, cláir mhalartaithe agus scoileanna samhraidh deis do rannpháirtithe idirnáisiúnta taithí a fháil ar an áit ar leith seo ina bhfuilimid lonnaithe agus dul i ngleic léi.

Bímid i gcónaí ag cur le deiseanna taistil fhisiciúil agus fhíorúil do na mic léinn agus don fhoireann trí chomhpháirtíochtaí domhanda agus táimid ag treisiú ár rannpháirtíochta le ENLIGHT, comhghuaillíocht de dheich n-ollscoil Eorpacha. Sampla amháin is ea ár gcomhpháirtíocht straitéiseach le Deloitte den chaoi a bhfuilimid ag líonadh na bearna idir an saol acadúil agus an tionscal chun blaiseadh den saol thar lear a thabhairt dár gcuid mac léinn.

## *Ag féachaint* chun cinn...

**Beimid ag comhoibriú le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta sna blianta beaga atá le teacht, agus cuirfimid lenár líonraí idirnáisiúnta, chun cáil agus tionchar na Gaillimhe a mhéadú tuilleadh mar mhol cruthaitheach, dátheangach, inbhuanaithe, nuálaíoch agus domhanda.**

# *Ár Réigiún Fuinniúil*

**Baineann an fhoireann agus na mic léinn an-tairbhe as tírdhreach nádúrtha, sóisialta agus cultúir sainiúil Iarthar na hÉireann. Os a choinne sin, cuirtear borradh faoin bhforás san Ollscoil, agus spreagtar an nuálaíocht, an rathúnas agus an fholláine sa réigiún agus níos faide i gcéin. Ó Choláiste na Sionna i gCo. an Chláir go dtí na hionaid teagaisc i nDún na nGall, is ollscoil idirnáisiúnta í seo atá fréamhaithe i réigiún fuinniúil ar chósta an Atlantaigh.**

**Fiontraíocht & forbairt réigiúnach:** Is í an Ollscoil seo an eagraíocht taighde is mó in Iarthar na hÉireann, agus baineann breis is 6,500 mac léinn céim amach ar ár gcláir gach bliain. Is í is mó a ghineann forbairt eacnamaíoch agus iomaíochas i ngeilleagar eolasbhunaithe an réigiúin. Leanfaidh an Ollscoil ag spreagadh dul chun cinn sóisialta, rathúnais agus fostaíocht ardluacha i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha in Iarthar na hÉireann. Sna blianta atá le teacht, cuirfidh ár gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta nuálaíocht agus forbairt pobail chun cinn sa taobh seo tíre – ag teacht lenár láidreachtaí taighde.

**Sláinte an réigiúin:** Tá na scoileanna leighis agus altranais is mó in Iarthar na hÉireann san Ollscoil. Tá ról ríthábhachtach ag an Ollscoil maidir le cúram sláinte agus folláine a chur chun cinn sa réigiún. Ní hionann agus aon áit eile, tá ár dtaighde leabaithe i gcóras an ospidéil. Tagann daoine gairmiúla ardoilte as na cláir a chinntíonn go bhfuil ár gcóras cúraim sláinte ag feidhmiú i gceart, agus baineann othair leas díreach as ár dtrialacha cliniciúla, nuálaíochtaí cúraim sláinte agus forbairt polasaí. Sna blianta amach romhainn, bunóidh an Ollscoil Scoil nua Cógaisíochta agus Eolaíochtaí Leighis i nGaillimh agus cuirfear clár ceannródaíoch nua Iarchéime sa Leigheas Tuaithe agus Iargúlta chun cinn. Oibreoimid le comhpháirtithe réigiúnacha chun speisialtóireacht chliste agus nuálaíocht sa tSláinte Dhigiteach a spreagadh le cúram sláinte amach anseo a fheabhsú.

**Réigiún cliste, oilte:** Tá sé d'ádh orainn in Iarthar na hÉireann go bhfuil earnáil fhuinniúil bhreisoideachais agus ardoideachais againn, a bhfuil forbairt leanúnach shóisialta agus eacnamaíoch ár bpobal ag brath uirthi. Bainfimid leas as láidreachtaí na hOllscoile san eolaíocht sonraí agus sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta chun tacú le claochlú digiteach an réigiúin. Oibreoimid i gcomhar leis an tionscal chun cláir ghearra, sholúbtha atá dírithe ar an bhfiontraíocht a fhorbairt, cláir atá fréamhaithe inár réimsí taighde sainiúil chun cur le scileanna na ndaoine cumasacha atá againn. Leanfaimid orainn ag obair lenár leathbhádóirí sa chóras tríú leibhéal sa taobh seo tíre, sna Boird Oideachais agus Oiliúna áitiúla agus in earnáil na nOllscoileanna Teicneolaíochta, chun tosaíochtaí náisiúnta a bhaint amach.

- Acadaimh leighis
- Saoráidí taighde comhshaoil
- Ionaid Ghaeltachta
- Coláiste Ósta na Sionna

**Imeall Atlantach na hEorpa:** Tá an réigiún seo scaipthe thar imeallbhord thiar agus thiar thuaidh an Atlantaigh, agus is ábhar iontais an éagsúlacht atá ag baint leis an mbeathra mara atá ann agus leis na pobail chósta agus oileán. Déantar éascaíocht ar thaighde ar an tír, cois cladaigh agus domhainfharraige a dhéanamh trí infreastruchtúr taighde mara agus trí chomhoibriú ar fud an réigiúin. Cuireann ár dtaighde agus nuálaíocht san uisceshaothrú, san fhuinneamh in-athnuaite agus san eacnamaíocht mhuirí le forbairt réigiúnach agus cuireann sé chun cinn an t-aistriú chuig todhchaí níos inbhuanaithe do chách. Leanfaimid orainn ag cur le tuiscint an domhain ar thionchar an aigéin ar ár n-aeráid, ár bpláinéad agus ár sláinte, agus ar éiceolaíocht agus acmhainní an aigéin. Ar an gcaoi sin, oibreoimid i gcomhar le Foras na Mara i nGaillimh, gníomhaireacht taighde agus nuálaíochta muirí na hÉireann, ar thurais taiscéalaíochta taighde idirnáisiúnta san Aigéan Atlantach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.





# Misean

Ollscoil diantaighde, áit a gcuirtear síol talainne in ithir thorthúil agus a ngintear eolas don domhan ar fad.

# Fís

A chur ar chumas ár bpobail féin tionchar a bheith aige ar an domhan trí chéile trí thaighde sainiúil, oideachas eisceachtúil agus eispéiris spreagúla do mhic léinn.

# Ár *Luachanna*

Mar phobal ollscoile tá bunluachanna leagtha síos againn a thacaíonn lenár misean agus a thaispeánann dúinn an chaoi ar cheart dúinn feidhmiú mar eagraíocht, mar phobal, agus an déileáil a bhíonn againn leis an domhan thart orainn. Agus an plean straitéiseach seo á fhorbairt, ba léir ón méid a chuir an pobal in iúl an tábhacht a bhaineann lenár gceithre luach fhadtéarmacha – Meas, Oscailteacht, Inbhuanaitheacht agus Barr Feabhais, agus aithníodh an cúigiú luach – Muintearas – a luaigh ár gcuid mac léinn go sonrach mar luach tábhachtach a spreagfadh folláine, fás pearsanta agus rathúlacht.

- **Barr Feabhais:** Tá an Ollscoil tiomanta do thacú le barr feabhais sa teagasc, sa taighde, agus sa nuálaíocht, ag cur ar chumas ár bpobail a chuid scileanna agus eolais a úsáid chun barr a chumais a bhaint amach agus chun an tsochaí, an cultúr agus an eacnamaíocht a athrú chun feabhais.
- **Meas:** Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta do chultúr measa, comhionannais, muiníne agus comhbhá a chinntiú, agus do thacú le folláine agus le cothrom na Féinne do mhic léinn agus don fhoireann.
- **Oscailteacht:** Tá an Ollscoil tiomanta d’oscailteacht, d’éagsúlacht agus do chuimsiú a chothú, agus ag an am céanna dul i dteagmháil le pobail áitiúla agus dhomhanda chun athrú dearfach a spreagadh agus chun a chinntiú go bhfuil teacht ar oideachas agus taighde.
- **Inbhuanaitheacht:** Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trí inbhuanaitheacht a leabú ina cuid teagaisc, taighde, oibríochtaí agus comhpháirtíochtaí, ag cothú na chéad ghlúine eile de cheannairí agus de nuálaithe chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda.
- **Muintearas:** Déanann an Ollscoil a dícheall timpeallacht a chruthú ina mothaíonn mic léinn, an fhoireann agus alumni go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil tacaíocht acu, go bhfuil ceangal acu linn agus go bhfuil meas orthu agus gur cuid lárnach iad de phobal foghlama a chothaíonn rannpháirtíocht acadúil, forbairt ghairmiúil agus fás pearsanta, sláinte agus folláine.




# Tosaíochtaí Straitéiseacha *2025-2030*

**Tá ár straitéis dírithe ar an tionchar is mó a d'fhéadfadh a bheith ag Ollscoil na Gaillimhe a bhaint amach inár ról uathúil mar ollscoil diantaighde atá nasctha go domhanda ar chósta thiar na hÉireann.**

Chun misean na hOllscoile a chomhlíonadh, agus chun fís chomhroinnte a chur ar fáil do na blianta atá le teacht, tá tús áite tugtha againn dár mbunghníomhaíochtaí, is iad sin taighde, oideachas agus eispéireas na mac léinn, chomh maith leis an leagan amach cuí a chur ar an eagraíocht a theastaíonn chun barr feabhais a bhaint amach i ndomhan atá ag éirí níos casta.

Is é sin ár gcuspóir ar domhan, ag tarraingt ar láidreachtaí sainiúla an phobail agus na háite ina bhfuilimid lonnaithe. Cuireann sé ar ár gcumas tionchar chomh dearfach agus is féidir nó oiread tionchair agus is féidir a bheith againn ar mhaithe le pobal na hOllscoile agus lenár gcomhpháirtithe i nGaillimh, in Éirinn agus ar fud na cruinne.



# Tosaíocht Straitéiseach: Tionchar Taighde *Sainiúil*

**Beimid inár gceannairí domhanda inár sainréimsí taighde ag plé le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag baint leas as ár láidreachtaí réigiúnacha agus, ag an am céanna, ag tacú le réimsí nua ina bhfuil daoine ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach.**

**Gníomhartha:**

- Cur leis an méid taighde a dhéanaimid i sainréimsí feabhais agus cur leis an tionchar agus leis an gcáil dhomhanda atá orainn.
- Stiúir a thabhairt don aistriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe trí thaighde atá ábhartha ar fud an domhain a dhéanamh inár réigiún agus inár gcathair shainiúil féin.
- Stiúir a thabhairt do luas a chur faoi nuálaíocht, trí fhás a spreagadh sa réigiún, luach a chur le geilleagar na hÉireann agus tionchar a imirt ar fud an domhain.
- An chéad ghlúin eile de thaighdeoirí den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus tacú leo laistigh d'éiceachóras taighde inbhuanaithe.
- Ár gcaidrimh le príomhchomhpháirtithe sna hearnálacha taighde, tionscail, rialtais agus eile, chomh maith le pobail sa réigiún, a fhorbairt chun an tionchar is dearfaí a imirt ar an domhan.







Nuálaíocht don tSláinte
Cruthaitheacht, Cultúr & an tSochaí
Na Colúin Taighde
Timpeallachtaí Inbhuanaithe & Seasmhacha ar Muir & ar Tír
Sonraí & AI Claochlaitheacha

**Tacaíonn an Ollscoil le ról an bhonntaighde atá bunaithe ar fhiosracht chun ár dtuiscint ar an domhan a leathnú agus nuálaíocht a spreagadh. Tá ár bpobal taighde gafa le dúshláin dhomhanda, tosaíochtaí náisiúnta, agus riachtanais réigiúnacha. I dteannta a chéile, cuirimid fáilte roimh chur chuige idirdhisciplíneach agus rannpháirteach, i raon leathan disciplíní, agus éiríonn linn tionchar a imirt trí chomhoibriú idirnáisiúnta. Cuireann ár dtaighde le saintréithe na háite, agus úsáidtear na ceithre cholún taighde le go mbeidh tionchar taighde sainiúil ag Ollscoil na Gaillimhe.**

- Léiríonn **Nuálaíocht don tSláinte** láidreacht ár dtaighde maidir le tuiscint agus bainistiú galar, teicneolaíochtaí agus feistí leighis, teiripic agus sláinte an daonra. Cuireann ár dtaighde nuálaíocht i gcosc agus i mbainistiú galar chun cinn. Tá sé ag athrú cleachtas agus polasaithe cúraim sláinte, agus ag feabhsú saol na n-othar trí thrialacha cliniciúla ceannródaíocha agus réitigh shuaiteacha don tsláinte.

- Léiríonn **Cruthaitheacht, Cultúr & an tSochaí** ár láidreacht sa chruthaitheacht, i gcleachtas ealaíon, sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sa cheartas. Déanann ár gcuid oibre iniúchadh ar chleachtais chultúrtha i dtréimhsí éagsúla agus ar fud an domhain. Trí rannpháirtíocht áitiúil agus dhomhanda, cuireann ár dtaighde ildisciplíneach ar ár gcumas castacht ár ndomhain a thuiscint agus freagairt do dhúshláin na sochaí trí chearta daonna, daonlathas agus ceartas sóisialta a chur chun cinn.

- Léiríonn **Timpeallachtaí Inbhuanaithe & Seasmhacha:** ar Muir agus ar Tír ár láidreachtaí idirdhisciplíneacha sna réimsí seo a leanas: an mhuir, an comhshaol, dícharbónú, tógáil inbhuanaithe agus sláinte an phláinéid. Tá tionchar ábhartha domhanda ag ár dtaighde ar éiceolaíocht agus eacnamaíocht mhuirí, athrú aeráide, úsáid talún agus bithéagsúlacht, fuinneamh in-athnuaite, pobail inbhuanaithe, an timpeallacht thógtha, agus ar pholasaithe a spreagann athrú dearfach.

- Léiríonn **Sonraí & AI Claochlaitheacha** ár láidreachtaí san anailísíocht, sonraí, sa teicneolaíocht agus sa ríomheolaíocht. Ó bhonntaighde a chur chun cinn, go dtí múnlú polasaí ar úsáid fhreagrach, cuirimid i bhfeidhm taighde i séimeantaic agus in anailísíocht sonraí, AI, meaisínfhoghlaim agus ár gcumas ardfheidhmíochta ríomhaireachta chun tacú le taighde idirdhisciplíneach a thugann aghaidh ar dhúshláin dhomhanda.

# Na *hInstitiúidí* Taighde

**Tá sé institiúid taighde ag tacú leis na colúin taighde seo a chinntíonn gur féidir taighde idirdhisciplíneach den chaighdeán is airde a dhéanamh a éascaíonn comhoibriú forleathan go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta:**

- An Institiúid Eolaíochta Sonraí
- Institiúid na Cruthaitheachta
- An Institiúid do Thrialacha Cliniciúla
- An Institiúid don Fhionnachtain agus Nuálaíocht Sláinte
- An Institiúid Cúrsa Saoil agus Sochaí
- Institiúid Uí Riain – Taighde Muirí, Inbhuanaitheachta, Fuinnimh, Comhshaoil

Is iad na hinstitiúidí taighde seo a fhorbróidh fionnachtain taighde ildisciplíneach agus tionchar sna colúin taighde. As seo go ceann cúig bliana, athróidh siad an méid ceannaireachta taighde idirnáisiúnta agus nuálaíochta a dhéanann an Ollscoil, rud a chuirfidh le mais chriticiúil, barr feabhais agus rannpháirtíocht dhomhanda. Go seachtrach, cuireann na hinstitiúidí taighde pointe rochtana soiléir ar fáil do chomhpháirtithe taighde agus do pháirtithe leasmhara ar mian leo a bheith páirteach sa mhisean.

Tacaíonn éiceachóras taighde rathúil sna Coláistí leis na hinstitiúidí taighde. Déanfaimid infheistíocht bhreise i dtacaíochtaí, córais, próisis agus infreastruchtúr taighde ar fud na hOllscoile chun cur ar chumas an phobail taighde tionchar níos mó a imirt ar scála domhanda.





# Tosaíocht Straitéiseach: Oideachas don *Todhchaí*

**Cinnteoimid go mbeidh an uaillmhian inár gcuid mac léinn a dtodhchaí agus a sochaí a mhúnlú, ag baint úsáid as an eolas, as an muinín agus as an gcruthaitheacht a fhorbraíonn siad trí oideachas sainiúil atá bunaithe ar thaighde agus eispéireas mac léinn-lárnach den scoth.**

**Gníomhartha:**

- A bheith inár n-ollscoil chéad rogha do mhic léinn na hÉireann agus thar lear agus muid ag seasamh amach i ngeall ar ár n-áit uathúil, ár dtréithe so-aitheanta agus ár láidreachtaí.
- Céimithe sainiúla na Gaillimhe a fhorbairt le go mbeidh tionchar dearfach acu ar an domhan:
    - trí oideachas den scoth, atá bunaithe ar ár dtaighde, a sholáthar.
    - trí mhic léinn a chumasú lena n-aistear foghlama a chruthú i gcomhar lena chéile mar chuid d'eispéireas iomlánaíoch agus tacúil an mhic léinn.
    - trí dheiseanna a chur ar fáil d'eispéiris agus do chaidrimh éagsúla trí chur lenár gcomhpháirtíochtaí domhanda, le soghluaisteacht dhomhanda agus le hearcaíocht dhomhanda.
- Bacainní ar ardoideachas agus lena linn a bhaint, dearadh uilíoch a neadú, tacú le mic léinn trí phríomhphointí aistrithe, agus idirghabhálacha spriocdhírithe a dhéanamh a thacaíonn le dul chun cinn gach mic léinn.
- An inbhuanaitheacht a neadú i ngach ceann dár gcláir agus in eispéireas an champais.
- Leas a bhaint as an teicneolaíocht inár gcuid teagaisc, foghlama agus measúnaithe d'fhonn feabhas a chur ar eispéireas oideachais na mac léinn, iad a ullmhú don todhchaí agus sláine acadúil a chinntiú.
- A bheith nuálaíoch maidir le dearadh agus seachadadh an churaclaim, agus conairí a shimpliú, agus oibriú le comhpháirtithe seachtracha le tacú le foghlaimeoirí ag gach céim dá gcuid oideachais, dá ngairm agus dá saol.

Baineann na mic léinn Dlí úsáid as ár mBréagchúirt chun imeachtaí dlí a chleachtadh i dtimpeallacht ionsamhlaithe cúirte.





# Tá céimithe den scoth ag teacht ó Ollscoil na Gaillimhe le breis is 175 bliain.

# *Céimithe na* Gaillimhe

**Cuireann oideachas den scoth bunús maith foghlama ar fáil dár mic léinn taobh istigh dá ndisciplín. De bhrí go múineann saineolaithe ábhair iad, ar an gcaighdeán is airde, tá na huirlisí tugtha do na mic léinn chun a n-uaillmhianta a bhaint amach agus cur leis an tsochaí timpeall orthu.**

Aithnímid gur tréimhse í seo ina bhfuil athrú tapa teicneolaíochta agus sóisialta ag tarlú. Tacóimid leis na mic léinn chun a gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt, a shainiú agus a chur in iúl ionas go mbeidh siad réidh le dul chun cinn a dhéanamh i ndomhan casta agus seasamh amach i margadh fostaíochta domhanda atá thar a bheith iomaíoch.

Beidh cáil ar chéimithe na Gaillimhe mar gheall orthu seo a leanas:

- **Cruthaitheacht agus nuálaíocht:** Is cuid dínn féin í an chruthaitheacht agus tá sí leabaithe sa teagasc, sa taighde agus i gcomhpháirtíochtaí. Forbraíonn céimithe a gcuid scileanna i smaointeoireacht chriticiúil, foghlaim chomhoibríoch, nuálaíocht agus fiontraíocht laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, rud a thugann an mhuinín, an láidreacht agus an stuaim dóibh a theastaíonn le go n-éireoidh leo i ndomhan atá ag athrú go tapa.
- **Comhbhá agus saoránacht rannpháirteach:** Tá cáil ar an Ollscoil le fada an lá mar gheall ar thaighde gníomhach, foghlaim seirbhíse agus eolaíocht shóisialta fheidhmeach i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda. Déanann céimithe na Gaillimhe a gcuid foghlama a cheangal le fadhbanna an tsaoil sa churaclam. Forbraíonn siad éirim mhothúchánach trínár gcláir cheannródaíocha chomhbhá, agus bíonn siad ag plé go díreach le pobail tríd an teagasc, obair dheonach, tionscnaimh ghníomhaithe shóisialta agus cumainn.
- **Ceannaireacht inbhuanaitheachta:** Tá an Ollscoil aitheanta go hidirnáisiúnta mar cheannairí ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a leabú sa churaclam, sa taighde agus in oibríochtaí. Le linn a gcuid ama i nGaillimh forbraíonn ár gcuid mac léinn an t-eolas, na scileanna agus na heispéiris chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú.
- **Ullmhacht d'AI:** Tá ár dtaighdeoirí ar thús cadhnaíochta maidir le forbairtí in intleacht shaorga (AI) agus meaisínfhoghlaim. Bainfimid leas as saineolas agus teicneolaíocht sa teagasc, san fhoghlaim agus sna seirbhísí tacaíochta chun céimithe a ullmhú don todhchaí. Tabharfaidh siad aghaidh ar dheiseanna, impleachtaí agus úsáid eiticiúil AI.
- **Dearcadh domhanda:** Téann ár gcuid mac léinn i ngleic le saincheisteanna domhanda mar chuid de phobal acadúil atá nasctha go hidirnáisiúnta, atá fréamhaithe inár gcathair bhríomhar a bhfuil a féiniúlacht, a cultúr agus a hoidhreacht shainiúil féin aici. Bíonn siad ag déileáil le peirspictíochtaí agus eispéiris dhomhanda anseo i nGaillimh agus trí chláir soghluaisteachta mac léinn thar lear, bíonn siad ag forbairt buanna a theastóidh le tabhairt faoi obair agus faoi chomhoibriú idirchultúrtha sa todhchaí.

Tá colúin taighde shainiúil na hOllscoile ríthábhachtach maidir le tréithe ár gcéimithe a mhúnlú. Trí thaighde ceannródaíoch atá ábhartha ar fud an domhain a leabú inár n-eispéireas oideachais, cinnteoimid ní hamháin go gcuireann ár dtaighde i réimse na sláinte, an chomhshaoil, na teicneolaíochta, an chultúir agus na sochaí eolas chun cinn ach go gcuireann sé múnla ar fáil don chéad ghlúin eile ceannairí, nuálaithe agus gníomhairí athraithe.









# Tosaíocht Straitéiseach: *Eagraíocht Éifeachtach* agus Inbhuanaithe atá ina *hAcmhainn* don Phobal

**Éireoidh lenár misean trí phróisis agus ollstruchtúr sruthlínithe faoi stiúir na teicneolaíochta a chur ar fáil dár bpobal, mar chuid de mhóreagraíocht inbhuanaithe.**

**Gníomhartha:**

- Cultúr comhchruthaithe a fhorbairt, ag baint leas as léargais, eispéiris agus comhghleacaíocht an phobail chun fadhbanna a réiteach le chéile.
- Clár bunathraithe gnó a dhearadh agus a sheachadadh a bheidh mar bhonn agus taca d'ollscoil ardfheidhmíochta.
- Athbhreithniú agus uasghrádú a dhéanamh ar ár bpróisis agus ar ár múnlaí oibriúcháin.
- Infheistíocht a dhéanamh i gcórais shlána agus i dteicneolaíocht shlán chun próisis, sonraí agus cinnteoireacht a chuíchóiriú chun ár bhfoireann a chur ar an eolas agus a chumasú.
- Tógáil ar ár gcáil dhomhanda maidir le ceannaireacht inbhuanaitheachta agus sinn ag bogadh go huaillmhianach i dtreo neodracht charbóin.
- Ceannaireacht a fhorbairt san eagraíocht trí chéile agus tacú léi.

# *Bunchlocha*

**Chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach beidh orainn ar fad oibriú le chéile agus díriú orthu sna blianta amach romhainn. Tá cúig bhunchloch aitheanta againn chun tacú le cur i bhfeidhm ár straitéise – téamaí leathana trína spreagfaimid pobal na hollscoile chun athrú chun feabhais a bhaint amach.**

**Timpeallacht Thacúil:**

Tabharfar gach cúnamh agus tacaíocht do na mic léinn agus don fhoireann barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht foghlama atá tarraingteach, inrochtana agus cuimsitheach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú** a chur i lár an aonaigh ón tús, agus tiomantas agus freagracht chomhchoiteann a chothú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta a bhunú ag leibhéal an aonaid laistigh den Ollscoil.
- leanúint le feabhas a chur ar rochtain agus rannpháirtíocht do ghrúpaí tosaíochta faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas, trínár gcuid oibre ceannródaíochta ar **rannpháirtíocht a leathnú** san ardoideachas.
- comhoibriú ar fud na hOllscoile chun **rath na mac léinn** a fheabhsú, ag baint úsáid as sonraí agus aiseolas na mac léinn agus seirbhísí a oiriúnú chun tacú leo dul chun cinn a dhéanamh, a sláinte agus folláine fhisiceach, shóisialta agus mheabhrach a fheabhsú – lena n-áirítear trí bheith páirteach i spórt – agus a chinntiú go bhfuil siad réidh don todhchaí.
- **folláine agus rannpháirtíocht fostaithe** a fheabhsú trí fhorbairt na foirne, an bhéim a chur ar chleachtais fostaíochta inbhuanaithe agus chothroma, agus deiseanna sóisialta, folláine agus foghlama a sholáthar, bunaithe ar chreataí creidiúnaithe seachtracha.

**Cumarsáid Éifeachtach:**

Cuirfimid ár dtionchar sainiúil in iúl, cuirfimid lenár gcáil i measc ár spriocphobail, agus beimid i dteagmháil lenár bpobal ollscoile mar seo a leanas:

- straitéisí spriocdhírithe cumarsáide agus rannpháirtíochta a dhearadh chun cáil dhomhanda na hOllscoile a fhorbairt, agus na córais, na próisis agus an teicneolaíocht a chur i bhfeidhm chun tacú lena dtionchar.
- scéal na hOllscoile a insint trí ábhar digiteach tarraingteach, lena n-áirítear láithreán nua gréasáin.

**Ceannaireacht Inbhuanaitheachta**

Ag tógáil ar ár gcáil dhomhanda as tionchar na hinbhuanaitheachta, cuirfimid dlús leis an aistriú chuig todhchaí níos inbhuanaithe ar an gcaoi seo a leanas:

- inbhuanaitheacht a leabú tuilleadh sa teagasc, sa taighde agus in oibríochtaí an champais trínár múnla Foghlaim-Mair-Spreag.
- ár rannpháirtíocht le comhpháirtithe inbhuanaitheachta a láidriú, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun athrú dearfach a spreagadh agus a roinnt.
- bogadh go huaillmhianach i dtreo neodracht charbóin agus cur leis an mbithéagsúlacht ar fud an eastáit.
- díriú ar Ghradam Platanaim STARS mar aitheantas ar ár dtionchar inbhuanaitheachta sna réimsí sin.

ENLIGHT

Comhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha

**Rannpháirtíocht Dhomhanda:**

Déanfaimid deimhin d'ár suíomh sa domhan trí phlean idirnáisiúnaithe straitéisigh a fhorbairt a neartaíonn ár bpróifíl dhomhanda agus a thacaíonn lenár n-uaillmhianta taighde agus oideachais trí:

- **earcaíocht mac léinn agus foirne idirnáisiúnta** a mhéadú i dtimpeallacht chumasaithe a shaibhríonn ár bpobal ollscoile, a mheallann tallann chuig ár gcathair agus ár réigiún, agus a thacaíonn lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.
- deiseanna do **shoghluaisteacht idirnáisiúnta** a leathnú, idir fhisiciúil agus fhíorúil, agus tacú le **hinfhostaitheacht dhomhanda** ár mac léinn.
- ár líonra **comhpháirtíochtaí straitéiseacha** a thógáil i bpríomhréigiúin ar fud na cruinne agus teagmháil níos fearr a dhéanamh trí Ghrúpa Coimbra agus ár gComhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha ENLIGHT.




# Ag Tógáil don *Todhchaí*



Is forbairt shuntasach san ollscoil agus sa chathair an **Leabharlann agus Ionad Foghlama nua** atá á thógáil i gcroílár an champais. Athróidh an áis sainchuspóra seo an úsáid a bhainfidh mic léinn, comhaltaí foirne agus an pobal. as ár n-acmhainní foghlama, teicneolaíochtaí agus scileanna acadúla. Tar éis 175 bliain d'oideachas ollscoile i nGaillimh, is ré nua spreagúil é seo sa chaoi a dtéitear i ngleic le heolas agus le fionnachtain.

Beidh an foirgneamh suite in aice le Droichead na gCúig Céad sa chathair agus feidhmeoidh sé mar eiseamláir foghlama dár gcathair ollscoile. Tá sé deartha le bheith ina spás spreagthach, fáiltiúil, ardteicniúil foghlama agus cruthaitheachta a thugann daoine agus disciplíní éagsúla le chéile. Táimid ag tnúth leis an spás bríomhar léannta agus sóisialta seo a fheiceáil i nGaillimh.



Déanfaimid an méid seo a leanas freisin thar thréimhse an phlean seo:

- **Foirgneamh nua as an bpíosa a thógáil do Scoil an Leighis** agus Scoil nua Chógaisíochta agus Eolaíochtaí Leighis a bhunú mar aon le cláir nua leighis a chur ar fáil.
- Infheistiú in **infreastruchtúr digiteach ríthábhachtach**, lena n-áirítear Conairí Digiteacha na Mac Léinn agus cláir Feabhsaithe Próisis Taighde, ollstóráil fheabhsaithe Sonraí, agus ár gCóras Bainistíochta Faisnéise Taighde nua.
- Ár bpleananna d'fhorbairtí móra ar fhoirgneamh nua **Scoil an Dlí** a bhrú chun cinn lenár gcomhpháirtithe agus aghaidh a thabhairt ar **riachtanais chaipitil na hEolaíochta** le huasghráduithe ar na saotharlanna agus ar infreastruchtúr na hEolaíochta.
- **Máistirphlean campais** uaillmhianach a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe ina dtugtar tosaíocht d'infreastruchtúr nua spóirt agus folláine fisiciúla, dár dtimpeallachtaí taighde agus teagaisc, don inbhuanaitheacht, don Ghaeilge agus cultúr na hÉireann, agus dár bhfearann poiblí.
- Críoch a chur le hathchóiriú ar ionad nua don **tSaotharlann Uirbeach ar Oileán Altanach**. Is é seo an chéad chéim i dtreo athbheochan a dhéanamh ar an gceantar stairiúil uirbeach seo a nascann an Ollscoil agus an chathair.
- An t-athchóiriú ar an **lóistín ar an gcampas i mBaile na Coiribe** a chur i gcrích chun é a dhéanamh i bhfad níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos compordaí dár gcuid mac léinn.

Athróidh na tionscadail chaipitil seo foirgnimh atá ann cheana féin agus láithreáin athfhorbraíochta, ag feabhsú éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheachta ar fud an champais.



In 2023, cuireadh 674 leaba nua lenár lóistín ar an gcampas nuair a osclaíodh Baile na Breacóige sa Champas Thuaidh.



# *Tionscnaimh* Thosaíochta

**Chun go mbeidh bonn láidir faoinár bpríomhghníomhaíochtaí taighde agus teagaisc, lena chinntiú go gcuirfimid ár dtosaíochtaí straitéiseacha i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun an t-athrú dearfach ar féidir lenár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara a bheith ag súil leis le bheith páirteach ann, cur leis agus tairbhe a bhaint as a chur i gcrích, déanfaimid infheistíocht i roinnt Tionscnamh Tosaíochta a bhfuil acmhainní ar fáil ina leith, atá dírithe ar thorthaí agus atá faoi cheangal ama:**

- **Clár na nDaoine Cumasacha amach anseo** Déanfaimid infheistíocht chun daoine cumasacha i dtaighde, i dteagasc agus i seirbhísí gairmiúla a mhealladh go Gaillimh, chun an fhoireann reatha a fhorbairt, agus chun cur leis an gcohórt a bhfuil PhD acu trí chláir spriocdhírithe a chuireann ár dtosaíochtaí straitéiseacha chun cinn.
- **Ionad Rathúlachta na Mac Léinn:** Comhoibreoidh an t-aonad tiomnaithe seo le Coláistí agus le seirbhísí lárnacha na mac léinn chun sonraí, aiseolas na mac léinn agus idirghabhálacha spriocdhírithe a úsáid chun rátaí dul chun cinn na mac léinn a ardú agus chun tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar rathúlacht, sláinte, folláine agus aistrithe na mac léinn.
- **Conairí Digiteacha na Mac Léinn:** Cuirfimid an mórchlár claochlaithe digiteach seo i gcrích chun feabhas a chur ar an eagraíocht, ar na próisis, ar an mbunteicneolaíocht agus ar na sonraí a úsáidtear chun turas na mac léinn in Ollscoil na Gaillimhe a bhainistiú – ón earcaíocht go dtí bronnadh na céime.
- **Tionscadal Feabhsaithe an Phróisis Taighde:** Clár athraithe ilghnéitheach a fheabhsaíonn an turas taighde agus an t-eispéireas taighde, a chuidíonn leis an bpobal taighde trí phróisis shruthlínithe agus tacaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil thar shaolré an taighde chun go mbeidh an oiread tionchair agus is féidir againn.
- **An Clár Éascaithe Teicneolaíochta:** Beidh infheistíocht shuntasach inár múnlaí oibriúcháin TFC agus i seachadadh tionscadal infreastruchtúir dhigitigh ríthábhachtach chun go n-éireoidh linn sna blianta amach romhainn.
- **An Tionscadal Sainiúlachta a Chur in Iúl:** Cuirfimid lenár gcáil idirnáisiúnta maidir le taighde agus oideachas trí fheachtais chumarsáide agus rannpháirtíochta spriocdhírithe, lena n-áirítear láithreán nua gréasáin atá tarraingteach agus a léiríonn éagsúlacht na háite seo don saol mór.
- **An Oifig do Chlaochlú Eagraíochta:** Tabharfaidh an oifig lárnach seo le chéile saineolas i mbainistíocht athraithe, anailís ghnó, anailís sonraí, bainistíocht tionscadail agus cumarsáid chun a chinntiú go gcuirtear mórthionscnaimh straitéiseacha ar fáil go héifeachtach agus go héifeachtúil, ag cinntiú go bhfuil ár gcórais agus ár bpróisis chomh héifeachtach agus is féidir chun go mbeidh sé níos éasca a bheith ag obair san ollscoil agus leis an ollscoil.
- **Leabharlann agus Ionad Foghlama:** Foirgneamh mór nua do Ghaillimh a chuirfidh cruth nua ar fhoghlaim agus ar fhionnachtain don aonú haois is fiche.

# Cén chaoi a bhfuil ag éirí linn?

### Tionchar Taighde Shainiúil

Faoi 2035, beimid san áireamh ar an 200 ollscoil is fearr ar domhan i gceann amháin ar a laghad de Ranguithe Ollscoile an Domhain. Léiríonn an sprioc seo ár n-uaillmhian a bheith inár n-eagraíocht an-éifeachtach, atá aitheanta as ár n-ardchaighdeáin feabhais taighde agus ár dtionchar domhanda.

Chun an sprioc uaillmhianach seo a bhaint amach, díreoimid ar fheidhmíocht a thiomáint sna bearta seo a leanas:

- Foilseacháin in Irisleabhair Mór le Rá
- Comhoibriú Taighde Idirnáisiúnta
- Cáil Taighde
- Ioncam Taighde
- Líon na mac léinn PhD
- Nuálaíocht

Chuige sin, beidh athrú mór le déanamh ar ár gcuid feidhmíochta trí chách ag tarraingt le chéile chun díriú ar ár dtosaíochtaí, ag obair as lámha a chéile agus infheistiú i rudaí áirithe chun cuma na maitheasa a chur orainn as seo go ceann deich mbliana.

### Oideachas don Todhchaí

Beidh an ollscoil seo ina rogha ollscoile a spreagann agus a thacaíonn lenár mic léinn ar a n-aistear foghlama le bheith ina gcéimithe den scoth. Léiríonn an sprioc seo ár n-uaillmhian choiteann díriú ar dhul chun cinn na mac léinn, rannpháirtíocht acadúil, feabhas teagaisc, folláine agus muintearas a fheabhsú.

Chun an sprioc uaillmhianach seo a bhaint amach, díreoimid ar fheidhmíocht a thiomáint sna bearta seo a leanas:

- Rátaí dul chun cinn na mac léinn bliain ar bhliain
- Leibhéil rannpháirtíochta na mac léinn
- Earcú mac léinn ardfheidhmíochta
- Dearadh nuálaíoch agus seachadadh clár
- Forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne teagaisc
- Infhostaitheacht céimithe

Teastóidh rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht cheart leis na mic léinn, béim ar fheabhas teagaisc, tacaíochtaí níos fearr do mhic léinn agus idirghabhálacha spriocdhírithe bunaithe ar shonraí chun na méadrachtaí seo a fheabhsú as seo go ceann cúig bliana.

### Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe atá ina hAcmhainn don Phobal

Caithfear ár gclár claochlaithe gnó a chur i bhfeidhm chun ár n-uaillmhianta sa Taighde agus san Oideachas a bhaint amach. Trí dhianphróiseas bainistíochta cláir, déanfaimid monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar spriocanna a bheidh á gcur i gcrích.




Rate of reaction depends on
concentration of reactants
Low concentration = Few collisions
High concentration = More collisions
rate ∝ concentration






# Cur i bhfeidhm na *Straitéise*

**Tá fís chomhroinnte uaillmhianach leagtha amach againn le chéile don ollscoil sna blianta amach romhainn. Chun an uaillmhian seo a bhaint amach beidh ar an institiúid díriú isteach air lena chinntiú go dtacaíonn cinnteoireacht ag gach leibhéal le seachadadh na straitéise agus go mbeidh pleanáil airgeadais straitéiseach agus fás ioncaim ag teacht lenár dtosaíochtaí.**

### Straitéisí & Pleanáil Ghnó na gColáistí

Is iad na Coláistí bun agus barr na físe atá againn agus is iad a bhrúnn chun cinn feabhas taighde agus teagaisc. Foilseoidh gach ceann dár gceithre Choláiste a straitéisí féin ag leibhéal an Choláiste ag aithint cén áit agus cén chaoi a gcuideoidh siad linn ár gcomhfhís don Ollscoil a bhaint amach. Déanfar monatóireacht de réir a chéile ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha seo trí phleananna leanúnacha gnó cúig bliana na gColáistí, agus trí phleananna oibríochtúla bliantúla na Scoileanna agus na nInstitiúidí Taighde.

### Straitéisí téamacha

Foilseoidh Seirbhísí Gairmiúla na hOllscoile sraith straitéisí téamacha ar mhórghníomhaíochtaí ollscoile – e.g. Straitéis Acadúil, Straitéis Taighde & Nuálaíochta, Straitéis Idirnáisiúnaithe, Straitéis Rathúlachta na Mac Léinn, Straitéis Inbhuanaitheachta – ina gcuimseofar sonraí breise ar an mbealach a mbainfimid ár ngníomhartha sonraithe amach.

### An Oifig do Chlaochlú Eagraíochta

Beidh an oifig nua lárnach seo ina príomhthiománaí do chur i bhfeidhm na straitéise, ag cur saineolas, bainistíocht tionscadail agus maoirseoireacht ar fáil lena chinntiú go gcuirtear mórthionscnaimh straitéiseacha ar fáil go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le pobal na hollscoile.

**Rialachas láidir**

Soláthraíonn Údarás na hOllscoile treoir straitéiseach fhoriomlán don Ollscoil agus tabharfar eolas chun dáta dár ngobharnóirí go rialta maidir le cur i bhfeidhm, agus déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha sonraithe. Tugann obair an Choiste Sheasta, Pleanála Straitéisí agus Rialachais agus an Choiste Airgeadais agus Acmhainní tacaíocht dóibh sa ról seo mar go mbíonn baint mhór acu le cur i bhfeidhm agus le hacmhainní a chur ar fáil don straitéis. Forbraíodh an plean straitéiseach seo de réir ár riachtanas faoi Acht an ÚAO, 2022 agus beimid i dteagmháil i gcónaí leis an ÚAO maidir lena chur i bhfeidhm, go háirithe trí thuairisciú ar ár gComhaontú Feidhmíochta. Ina theannta sin, táimid tiomanta do Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine a chur i bhfeidhm i ngach feidhm de chuid na hinstitiúide.

**Acmhainní**

Leagann an plean straitéiseach seo amach athrú uaillmhianach inár bhfeidhmíocht, agus beidh gá le neart acmhainní chun a chinntiú gur féidir linn an uaillmhian sin a bhaint amach. Oibrímid i ndomhan atá ag athrú go tapa agus atá ag éirí níos luainí agus tá ár dtoimhdí pleanála airgeadais bunaithe ar mhaoiniú earnála reatha agus ar réamh-mheastacháin fáis ár gColáistí. I rith na straitéise seo, beidh cistí straitéiseacha á n-infheistiú ag leibhéal na hOllscoile agus na gColáistí, chomh maith le ciste mór caipitil, chun ár bpríomhthionscnaimh agus forbairtí straitéiseacha eile a bhaint amach. Aithnímid a mhéad a chuireann ár bpobal alumni, ár lucht tacaíochta agus ár gcomhpháirtithe le forbairt na hollscoile. Sna blianta amach romhainn, beidh rath an fheachtais dhaonchairdiúil Meitheal ríthábhachtach chun fís phobal na hollscoile a bhaint amach.






# *Lonnaithe* i nGaillimh, Ag freastal ar an *Domhan Mór*







t +353 91 524 411
r info@ollscoilnagaillimhe.ie
g ollscoilnagaillimhe.ie

Buíochas speisialta leis an Ollamh Chaosheng Zhang (Tíreolaíocht) as a chuid grianghraf den chathair agus den champas a roinnt linn.